Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8820/26**
**ADD 1**

**UD 120**
**ENFOCUSTOM 57**
**FISC 155**
**ECOFIN 558**
**MI 425**
**COMER 76**
**TRANS 265**
**DELACT 83**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2760 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le sainmhínithe, dearbhuithe custaim agus eilimintí sonraí a bhaineann leis an dleacht chustaim shealadach EUR 3 ar chiandíol earraí allmhairithe i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2760 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2760 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2760 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le sainmhínithe, dearbhuithe custaim agus eilimintí sonraí a bhaineann leis an dleacht chustaim shealadach EUR 3 ar chiandíol earraí allmhairithe i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 mar a leanas:

(1) leasaítear Caibidil I mar a leanas:

(a) i gCaibidil 2, Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a bhaineann le colúin F40, F41, F42, F43, F44, F45, H1, H6 agus H7:

| | | |
|---|---|---|
| 'F40 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair de bhóthar | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód' |
| 'F41 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair d'iarnród | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód' |
| 'F42 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille iompair aeir ina bhfuil faisnéis riachtanach ón mbille iompair aeir a taisceadh i gcomhréir leis na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis an gcóir iompair lena mbaineann | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód' |
| 'F43 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – An tacar sonraí íosta a taisceadh roimh an luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fomhír, agus i gcomhréir le hAirteagal 113 (2) | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód' |
| 'F44 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Uimhir aitheantais an ghabhdáin a taisceadh roimh an luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód' |

| | | |
|---|---|---|
| | an dara fomhír, agus i gcomhréir le hAirteagal 113(2) | |
| ‘F45 | Dearbhú iontrála achomair – Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille luchta amháin | Airteagal 5(9) agus Airteagal 127 den Chód’ |
| ‘H1 | Dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus an Nós imeachta speisialta – Úsáid shonrach – Dearbhú maidir le húsáid deiridh. | Dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht: Airteagail 5 (12), 162 agus 201 den Chód<br>Dearbhú le haghaidh úsáid deiridh: Airteagail 5(12), 162, 210 agus 254 den Chód’ |
| ‘H6 | Dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist | Airteagail 5(12), 162 agus 201 den Chód’ |
| ‘H7 | Dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach | Airteagail 5(12), 162 agus 201 den Chód’ |

(b) leasaítear Caibidil 3 mar a leanas:

(i) i Roinn 11, leasaítear an tábla ‘Tábla ceanglas sonraí – Allmhairiú’ mar a leanas:

(1) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 12 10 000 000 (Íocaíocht iarchurtha), i gcolún H7, scriostar ‘[54]’;

(2) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 038 000 (Modh íocaíochta), i gcolún H7, scriostar ‘[54]’;

(3) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 039 000 (Cineál cánach), i gcolún H7, cuirtear ‘B’ isteach;

(4) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 040 000 (Bonn cánach), i gcolún H7, cuirtear ‘B’ isteach;

(5) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 040 006 (Cainníocht), i gcolún H7, cuirtear ‘B’ isteach;

(6) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 040 014 (Méid), i gcolún H7, cuirtear ‘B’ isteach;

(7) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 040 041 (Ráta cánach), i gcolún H7, cuirtear ‘B’ isteach;

(8) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 03 040 043 (Méid cánach), i gcolún H7, cuirtear 'B' isteach;

(9) sa ró a bhaineann le E.S. Uimh. 14 16 000 000 (Méid iomlán dleachtanna agus cánacha), i gcolún H7, cuirtear 'B' isteach;

(ii) i Roinn 13, leasaítear an tábla 'Nótaí' mar a leanas:

(1) sa ró a bhaineann le Nóta uimhir [34], cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún a bhaineann le Tuairisc ar an nóta:

'Ná húsáid i gcás coinsíneachtaí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist nó i gcás iompar ag suiteálacha iompair seasta.';

(2) sa ró a bhaineann le Nóta uimhir [37], cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún a bhaineann le Tuairisc ar an nóta:

'Ná húsáid i gcás coinsíneachtaí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist nó i gcás iompar ag suiteálacha iompair seasta nó iompar d'iarnród.';

(3) sa ró a bhaineann le Nóta uimhir [54], cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún a bhaineann le Tuairisc ar an nóta:

'Gan úsáid';

(4) sa ró a bhaineann le Nóta uimhir [57], cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún a bhaineann le Tuairisc ar an nóta:

'Níl an fhaisnéis seo ag teastáil i gcásanna earraí iomadúla a phacáiltear le chéile ná le haghaidh earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist.';

(2) Leasaítear Teideal II (Nótaí maidir le ceanglais sonraí) mar a leanas:

(a) sna nótaí a bhaineann leis an eilimint sonraí '12 03 000 000 Doiciméad tacaíochta', cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'**Colúin H1 agus H6 den tábla ceanglas sonraí:**

Déanfar sainaitheantóir táirge an cheannaitheora, sainaitheantóir táirge neamhchaighdeánaithe an mhonaróra agus, más ann dó don ítim, sainaitheantóir táirge caighdeánaithe an mhonaróra, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (58), (59) agus (60), faoi seach, den Rialachán seo, a sholáthar le haghaidh gach ítime maidir le hearraí a dhíoltar i gciandíol earraí allmhairithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE.

**Colún H7 den tábla ceanglas sonraí:**

Déanfar sainaitheantóir táirge an cheannaitheora, sainaitheantóir táirge neamhchaighdeánaithe an mhonaróra agus, más ann dó don ítim, sainaitheantóir táirge caighdeánaithe an mhonaróra, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (58), (59) agus (60), faoi seach, den Rialachán seo, a sholáthar le haghaidh gach ítime maidir le hearraí a dhíoltar i gciandíol earraí allmhairithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE.' ;

(b) sna nótaí a bhaineann leis an eilimint sonraí '12 03 001 000 Uimhir thagartha', cuirtear an mhír seo a leanas isteach roimh an mír 'Colún I1 den tábla ceanglas sonraí':

'**Colúin H1, H6, H7 den tábla ceanglas sonraí:**

Cuir isteach na sonraí sonracha atá ag teastáil mar 'Doiciméad tacaíochta' a bhaineann le dearbhuithe a chumhdaítear leis an gcolún seo.';

(c) sna nótaí a bhaineann leis an eilimint sonraí '13 05 000 000 Dearbhóir', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

'**Úsáidtear na colúin ábhartha uile den tábla ceanglas sonraí, seachas H7:**

Úsáidtear an eilimint sonraí seo chun faisnéis ábhartha a sholáthar a bhaineann leis an dearbhóir.

**Colúin H1, H6, H7 den tábla ceanglas sonraí:**

Úsáidtear an eilimint sonraí seo chun faisnéis ábhartha a sholáthar a bhaineann leis an dearbhóir, i gcás earraí i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach agus i gciandíol earraí allmhairithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE.

Ceann díobh seo a leanas a bheidh ina dhearbhóir:

(a) an duine a bhfuil úsáid á baint aige nó aici as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE nó a ionadaí nó a hionadaí indíreach;

(b) an duine a bhfuil úsáid á baint aige nó aici as na socruithe speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 7 de Threoir 2006/112/CE nó a ionadaí nó a hionadaí indíreach;

(c) ionadaí indíreach an allmhaireora, i gcás nach bhfuil feidhm ag pointe (a) ná (b);

(d) i gcás nach bhfuil feidhm ag pointe (a), (b) ná (c), aon duine eile atá in ann an fhaisnéis uile a sholáthar atá ag teastáil chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith a chur i bhfeidhm agus atá in ann na hearraí atá i gceist a chur i láthair do chustam nó atá in ann féachaint chuige go gcuirfear i láthair iad do lucht custaim.';

(d) sna nótaí a bhaineann leis an eilimint sonraí 18 05 000 000 (Tuairisc ar na hearraí),

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte 'Colúin B1, B2, H1 go H5, H8 agus I1 den tábla ceanglas sonraí':

**'Colúin B1, B2, H1 go H8 agus I1 den tábla ceanglas sonraí'**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte 'Colúin D3, G4, G5, H6 agus H7 den tábla ceanglas sonraí':

**'Colúin D3, G4 agus G5 den tábla ceanglas sonraí'**

(e) sna nótaí a bhaineann leis an eilimint sonraí 18 10 000 000 (Cineál earraí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte 'Agus cód ábhartha an Aontais á úsáid, cuir isteach an cineál earraí i gcoinsíneacht phoist':

‘Agus cód ábhartha an Aontais á úsáid, cuir isteach an cineál earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist.’